

CAIBIDIL 34

AN EALAÍN, AN PHOLAITÍOCHT AGUS AN RÉABHLÓID

Sa lá atá inniu ann, tá péintéireacht impriseanaíoch na Fraince ar cheann de na gluaiseachtaí is mó san Eoraip a bhfuil tóir ag an bpobal uirthi. Bíonn an-tóir ag an bpobal ar an stíl agus bíonn rath ar thaispeántais na n-impriseanaithe i gcónaí. Ní mar sin a bhí cúrsaí i gcónaí, áfach. Údar mór magaidh ba ea na pictiúir nuair a chonaic pobal a linne féin ar dtús iad. Bhí daoine go mór in amhras faoi na healaíontóirí agus bhí sé amuigh orthu fiú amháin go raibh siad ina réabhlóidithe dainséaracha. Níl aon bhlas den pholaitíocht ná den sóisialachas féin le brath ar na saothair chéanna (fíor 34.1) agus is deacair againne anois an col a ghlac daoine leo a thuiscint. Ní hamháin sin, ach is saothair bhríomhara iad an chuid is mó acu a d'ardódh croí an duine.

Chun na deacrachtaí a bhí ag na himpriseanaithe a thuiscint tá sé tábhachtach eolas éigin a chur ar an gclampar a bhain

le polaitíocht agus sochaí na Fraince i gcoitinne i rith na tréimhse sin.



Fíor 34.1 AN DROICHEAD AG ARGENTEUIL, Claude Monet, Musée d'Orsay, Páras. Pictiúr aoi bhinn samhraidh de scáileanna san uisce a phéinteáil Claude Monet in aice an droichid ag Argenteuil áit a raibh cónaí air ag an am.

Saol corrach na Fraince sa 19ú haois.

Ón réabhlóid go dtí an phoblacht

Réabhadh sochaí na Fraince as a chéile ar fad nuair a tharla Réabhlóid 1789. Cuireadh deireadh leis an monarchacht agus fógraíodh poblacht na Fraince. Dícheannaíodh Rí Louis XVI agus Marie Antoinette, a bhean chéile sa bhliain 1793. Bhí tús curtha le Ré an Uafáis agus rinneadh cuid mhaith d'uasaimce na tíre a dhícheannadh ar an ngilitín.

Déantar impireacht den phoblacht

Nuair a tháinig **Napoleon Bonaparte** i gcumhacht cuireadh Impireacht na Fraince ar bun, **An Chéad Impireacht** a thugtar uirthi sin anois. D'éirigh le Napoleon an tír a cheansú agus bhí cúrsaí ní ba shocra faoi. Níor mhair a réimeas i bhfad, áfach. Bhris airm Shasana agus na hOstaire ar Napoleon ag Waterloo sa bhliain 1815. Tháinig Louis XVIII, deartháir an rí mhairbh i gcoróin. Tugtar Athghairm na mBúrbónach ar an tréimhse sin i stair na Fraince agus mar réimeas bhí sí an-choimeádach. Nuair a cailleadh Louis XVIII, ba é Charles X, deartháir eile leis, a tháinig i gcomharbacht air. Baineadh an choróin de Charles sa bhliain 1830 agus gaireadh gaol eile i bhfad amach uaidh, Louise-Philippe, ina rí. D'éirigh Louise-Philippe as an ríocht sa bhliain 1848 agus tháinig nia le Napoleon i réim, Louis-Napoléon Bonaparte. Taobh istigh de bhliain, ní rí a bhí ann a thuilleadh ach impire – **an tImpire Napoleon III**. Cuireadh tús le **Dara hImpireacht na Fraince**.

Déantar poblacht den impireacht

Bhí rath nach beag ar rialtas an Impire Napoleon III, ach sa bhliain 1870 tharraing an t-impire cogadh tubaisteach ar an tír in aghaidh na Prúise. Cuireadh deireadh ar fad leis an Dara hImpireacht agus thar oíche beagnach, fógraíodh an Fhrainc ina poblacht arís. Poblacht is ea An Fhrainc ó shin i leith.

Athruithe sa tsochaí

An Réabhlóid Thionsclaíoch

D'fhág an Réabhlóid Thionsclaíoch gur scoilteadh sochaí na Fraince arís. Tháinig meánaicme shaibhir nua chun cinn ar a dtugtaí an *bourgeoisie*. Ach lena hais sin, bhí bochtaineacht agus cruatan ann go forleathan i measc an ghnáthphobail.

An Común

De réir a chéile, bhí doicheall agus míshástacht na n-oibrithe ag dul i méid in imeacht na blianta. Ach nuair a rug an Phrúis bua ar an tír sa Chogadh Franc-Phrúiseach thapaigh na hoibrithe an deis chun rialtas réabhlóideach, nó **Común**, a eagrú chun troid ar son cearta sóisialta. Bhris réabhlóid amach agus chuaigh fir óga amach ar shráideanna chathair Pháras agus thóg siad baracáidí. Ach níor mhair an troid i bhfad agus brúdh an réabhlóid faoi chois, gan taise gan trócaire.

Cúrsaí réabhlóide agus an ealaín

Réabhlóid agus impireacht

Bhí tionchar ag scéal corrach na tíre ar an ealaín, dar ndóigh. Dream an-tírghrách ba ea iad na réabhlóidithe, d'fhéach siad orthu féin amhail is gur Ghréagaigh agus Rómhánaigh athshaolaithe a bhí iontu féin. Tháinig stíl nua ealaíne chun cinn ar ar tugadh an **Nua-Chlásaiceachas**, stíl lom a bhí inti agus d'oir sí go maith don díocas náisiúnach a bhain leis na réabhlóidithe. Níos déanaí cuireadh an stíl chéanna in oiriúint do mhaorgacht státúil Impireacht Napoleon.

An Rómánsachas

Sa tréimhse Rómánsach a tháinig ina dhiaidh sin, leanadh d'imeachtaí na Fraince agus de radhairc chomhaimseartha a ghlóiriú. Sa phictiúr *An tSaoirse ag Treorú na nDaoine* le **Eugène Delacroix**, mar shampla, déantar Réabhlóid mhí Iúil 1830 a chomóradh, i.e. an réabhlóid a rinne rí de Louis-Philippe.

Córas an Acadaimh agus na gluaiseachtaí ealaíne a cheistigh é

An tAcadamh

Sa Fhrainc, ba é an gnáthnós é go bhfreastalaíodh ealaíontóirí ar an École des Beaux Arts, acadamh a bhí faoi stiúir an rialtais. Bhí caighdeán ríghin docht ann agus chuirte dianoiliúint ar na mic léinn i dtuiscint don ealaín. Uair sa bhliain, cuireadh an tAcadamh saothair ealaíontóirí ar taispeáint sa *Salon*. Bhí sé ar an imeacht ealaíne ba mhó sa bhliain ag an am é. Ach níor oir an córas sin do gach ealaíontóir, dar ndóigh, agus thosaigh ealaíontóirí áirithe ag lorg slite eile chun a gcuid smaointe a chur in iúl.

An Réalachas

Tháinig roinnt gluaiseachtaí chun cinn nár ghlac le córas seanbhunaithe an Acadaimh. Bhí sé mar aidhm ag an ealaíontóir Gustave Courbet, mar shampla, preab a bhaint as an tsochaí bhogásach agus agóid a dhéanamh i gcoinne choinbhinsiún coitianta an lae. Ba é **an Réalachas** an stíl a chleacht sé féin chuige sin.

Na Péintéirí *En Plein Air* (scoil Barbizon)

Mar chuid de ghluaiseacht an Réalachais thosaigh scata ealaíontóirí ag obair in aice le sráidbhaile **Barbizon**. Ba ón dream sin a d'fhoghlaim Claude Monet agus Pierre-Auguste Renoir conas caolchúis an nádúir a thabhairt leo agus conas oibriú go díreach ar chanbhás amuigh faoin aer, nó *en plein air*.

Páras le linn an Dara hImpireacht

D'ordaigh an tImpire Napoleon III go ndéanfaí Páras a athfhorbairt. Le linn na 1860idí, léirigh Édouard Manet an chathair nua-aimseartha rachmasach i scata radharc siamsaíochta. Daoine faoi éadaí galánta a phéinteáil sé. Bhí an-amhras ar an bpobal faoina shaothar, áfach.

An Cogadh Franc-Phrúiseach agus an Común

Tharraing an cogadh sa bhliain 1870 idir léigear agus ghorta ar chathair Pháras. Ní hamháin sin ach bhí eagla a gcaicinn ar go leor roimh an gComún agus gach ar bhain leis. D'fhág an méid sin ar fad go raibh imní an-mhór ar an bpoibál corraithe go dtarlódh réabhlóid eile.

An tImpriseanachas

Thosaigh scata ealaíontóirí ag péinteáil an nádúir ar bhealach nuálach ar fad. Níor ghlac an *Salon* (taispeántas ealaíne oifigiúil an Acadaimh) lena gcuid saothar, áfach. D'eagraigh siad a dtaispeántais phríobháideacha dá gcuid féin, beag beann ar lucht an Acadaimh. Measadh gur dream dainséarach réabhlóideach a bhí sna péintéirí sin.

An tImpriseanachas agus gluaiseachtaí ealaíne nua-aimseartha eile

Choinnigh na healaíontóirí orthu go dtí go raibh an tImpriseanachas ar cheann de na stíleanna ba choitianta ar fad. Tháinig athrú ó bhonn ar an bpéintéireacht sa Fhrainc agus cuireadh deireadh le seanchóras an Acadaimh. Glactar leis anois gurb é an tImpriseanachas an chéad gluaiseacht de chuid na healaíne nua-aimseartha san 20ú haois.

Ceisteanna

1. Liostaigh na hathruithe réime a tharla le linn an 19ú haois sa Fhrainc.
2. Cén toradh a bhí ag an Réabhlóid Thionsclaíoch ar shochoaí na Fraince sa 19ú haois?
3. Liostaigh na gluaiseachtaí ealaíne a tharla le linn an 19ú haois sa Fhrainc.